# Beartas Nochta Sonraí Clárúcháin

## Réamhrá

Sa bheartas seo, déantar cur síos ar na téarma faoina bhféadfar sonraí clárúcháin sealbhóirí ainmneacha fearainn a nochtadh do thríú páirtithe a léiríonn leas dlisteanach cuí-réasúnaithe (an "Beartas" ina dhiaidh seo).

## Iarraidh atá dlíthiúil agus cuí-réasúnaithe

Chun iarraidh chuí-réasúnaithe ar nochtadh sonraí clárúcháin sealbhóra ainm fearainn a sheoladh ní mór an fhoirm um nochtadh sonraí clárúcháin a chomhlánú.
Féadfar iarrataí ar nochtadh sonraí clárúcháin a chur isteach i ngach teanga oifigiúil de chuid AE.

## Athbhreithniú agus Nochtadh

Nuair a fhaightear iad, déantar iarrataí den chineál sin ar nochtadh sonraí clárúcháin a athbhreithniú agus féadfar tuilleadh eolais a iarraidh maidir le dlisteanacht na hiarrata.
I gcás go gcinntear go bhfuil an iarraidh dlisteanach, déantar na sonraí clárúcháin a nochtadh saor in aisce laistigh de sheachtó a dó (72) uair an chloig. Déanfar na sonraí ábhartha a nochtadh trínar n-ardán criptithe chuig seoladh ríomhphoist an iarrthóra a léiríodh ar an bhfoirm.
I gcásanna práinneacha, déanfar na sonraí ábhartha a nochtadh laistigh de fiche a ceathair (24) uair an chloig, ar an gcoinníoll go léirítear an phráinn. Is ann do chásanna práinneacha más rud é go bhféadfadh cásanna a mbaineann baol báis/ nó dochar doleigheasta leo teacht chun cinn mar thoradh ar úsáid an ainm fearainn.
I gcás go ndiúltaítear don iarraidh, tabharfar míniú réasúnach agus bailí.
Ní chuirfear an iarraidh ar shonraí clárúcháin ná an nochtadh in iúl do shealbhóirí ainmneacha fearainn.
Déantar gach iarraidh agus nochtadh a logáil agus déantar sonraí pearsanta a nochtadh i gcomhréir lenár mBeartas Príobháideachta.

## Séanadh

Féadfar an Beartas seo a athbhreithniú agus a mhionathrú ag am ar bith, agus sa chás sin tiocfaidh an Beartas mionathraithe i bhfeidhm nuair a fhoilseofar ar ár suíomh gréasáin poiblí é.
I gcás neamhréire idir leaganacha den Bheartas seo i dteangacha éagsúla, beidh tús áite ag an leagan Béarla.